

Polasaí Gaeilge Choláiste Íde

Réamhráiteas

Socraíodh athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí i 2015/2016 tar éis dul i gcomhairle le scoláirí, foireann na scoile agus foireann an tí.

Scóp

Baineann an polasaí le gach scoláire i gColáiste Íde

Gaol le Ráiteas Misin agus Éiteas na Scoile

Tá dlúth cheangal idir an cód seo agus éiteas na scoile mar ata leagtha síos ag Iontaobhaithe Choláiste Íde sa Ráiteas Misin.

Meánscoil chónaithe lán Ghaelach do chailíní is ea Coláiste Íde. Tá sé mar aidhm ag an gColáiste seo oideachas den scoth trí mheán na Gaeilge a thabhairt do na daltaí

Aithníonn an coláiste seo tábhacht na Gaeilge í sochaí dátheangach na hÉireann agus ról tábhachtach atá ag foireann agus daltaí Choláiste Íde an Ghaeilge a neartú agus a bhuanú

Réasúnacht

Beifear ag súil le polasaí éifeachtach gníomhach chun atmaisféar Gaelach a chruthú sa scoil

Aidhmeanna

Is iad na haidhmeanna atá againn leis an nGaeilge agus an cultúr Gaelach ná

1. Sárliófacht i scríobh agus léamh na Gaeilge a chothú i ndaltaí chun cur ar a gcumas tuiscint, sásamh agus tairbhe a bhaint as a n-oidhreacht agus chun a chinntiú go n-éireoidh go maith leo ina gcuid staidéir acadúil
2. Grá don nGaeilge agus don gcultúr dúchais a chothú i measc dhaltaí an choláiste chun a gcuid féinmheas agus féiniúlacht a neartú agus chun cur ar a gcumas saibhriú a dhéanamh ar shaol na hÉireann ar fhágaint an choláiste dóibh.
3. Níosmhairteacht labhairt na Gaeilge a bhunú agus a bhuanú i measc dhaltaí an choláiste
4. Deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí an choláiste eolas a chur ar ghnéithe éagsúla dár gcultúr Gaelach ina measc rincí, amhráin, ceol, agus drámaíocht.

Ról agus Freagracht

Tá an Bord Bainistíochta/ *Bord Stiúirthóirí* freagrach as an bpolasaí a dhearbhu agus tá foireann uile na scoile freagrach as an bpolasaí a chur i ngníomh go laethúil, go leanúnach.

Daltaí

Beifear ag súil go seasóidh gach cailín le polasaí na Gaeilge **í gcónaí**, - *fad is ata an éide scoile á chaitheamh acu, faid is ata siad ag déanamh ionadaíochta ar son an choláiste agus faid is atá siad ag glacadh páirt in aon imeachtaí istigh agus lasmuigh den scoil.*

Tuismitheoirí/ Caomhnóirí

Aithníonn an scoil tábhacht ról na dtuismitheoirí/caomhnóirí i bhforbairt agus feidhmiú an pholasaí. Beifear ag súil go dtabharfaidh siad féin tacaíocht dearfa agus go spreagfaidh said an iníonacha cloí leis an bpolasaí.

Múinteoirí / Feitheoirí

Aithníonn an scoil ról na múinteoirí agus feitheoirí i bhforbairt agus caomhnú polasaí na Gaeilge. Aithníonn an scoil príomh chuspóir mhúinteoirí ó thaobh múineadh agus foghlaim de agus an ról lárnach atá acu daltaí a spreagadh agus a mhúscailt i leith labhairt na Gaeilge.

Plean Gníomhach

Sprioc 1 An Ghaeilge a bhuanú mar ghnátheanga caidrimh i measc na ndaltaí agus pobal na scoile.

Straitéis Riail/ Treoir na Gaeilge

- Ar mhaithe le dul chun cinn acadúil na ndaltaí agus chun polasaí Gaeilge an choláiste a bhaint amach táthar ag cur Riail na Gaeilge i bhfeidhm i gColáiste Íde. Cuirfear an riail seo i bhfeidhm go tuisceanach ach go soiléir ó chéad theacht na ndaltaí.
- Ní ghlacfar le habairt iomlán i mBéarla ó dhaltaí *sa choláiste*.

Sprioc 2 Cumas labhartha agus scríobtha na Gaeilge a thabhairt suas go caighdeán réasúnta a chuirfidh ar chumas daltaí nua cumarsáid bhunúsach a dhéanamh as Gaeilge ar theacht isteach an choláiste dóibh.

Straitéisí

- Míneofar do dhaltaí agus dá dtuismitheoirí ag an gcéad agallamh go bhfuil polasaí láidir Gaeilge sa choláiste agus cuirfear litir abhaile chuig tuismitheoir do dhaltaí nua roimh thús na scoilbhliana maidir leis an bpolasaí.
- Beidh an polasaí soiléir san leabhrán eolais
- Síneoidh daltaí agus tuismitheoirí an leabhar/polasaí ag aontú go dtabharfaidh siad lán tacaíocht d'fhealsúnacht an choláiste maidir leis an nGaeilge.
- Moladh láidir a thabhairt do thuismitheoirí dhaltaí laga freastal ar chúrsa Gaeilge roimh ré
- Moladh do thuismitheoirí labhairt le múinteoirí bunscoile na ndaltaí chun iad a chur ar an eolas go mbeidh an dalta ag dul go meánscoil lán-Ghaelach agus cúram ar leith a dhéanamh den Ghaeilge i rang 6.
- Cainteoirí laga a aithint agus cúram ar leith a dhéanamh dóibh sa Ghaeilge trí thacaíocht Cúntóir Teangan a chur ar fáil agus seisiúin ciorcal cainte agus a leithéid a chur ar fáil ón gcéad téarma.

Cur chuige maidir le daltaí go mbíonn deacrachtaí acu

Má bhíonn deacrachtaí ag dalta tabharfar tacaíocht di chun feabhas a chur ar a cuid Gaeilge. Beifear ag súil áfach go ndéanfaidh an dalta a croí dícheall an Ghaeilge atá aici a labhairt agus cur lena cumas trí chumarsáid a dhéanamh le daltaí eile as Gaeilge.

- Beidh sí ag foghlaim Gaeilge ‘sna ranganna
- Beidh na feitheoirí / múinteoirí ag labhairt Gaeilge lei
- Beidh seans aici freastal ar an gcúntóir teanga
- Tabharfaidh an múinteoir tacaíocht foghlamtha cabhair bhreise di má tá sí i dteideal cabhair bhreise.
- Beidh an eolaire ar fáil di agus cuirfear béim ar fhoclóir agus abairtí úsáideacha a fhoghlaim ag tús na bliana
- Cabhróidh a hanam cara lei chun a Gaeilge labhartha a fheabhsú
- Tabharfaidh Coiste na Gaeilge tacaíocht di

Sprioc 3 Tacaíocht agus dea-thoil na ndaltaí a spreagadh i leith na Gaeilge.

Straitéisí

- *Raidió na Gaeltachta a bheith le clos sa choláiste*
- Nuacht TG4
- *Leabhar na Gaeilge- Leabhrán le síniú ag scoláire nuair a fhaigheann siad moladh /aitheantas ó mhúinteoir/ feitheoir.*
 - *Pribhléid (1u/c) uair sa mhí dos na scoláirí sin*
 - *Pribhléid (1u/c) don rang is fearr (seachas aon dalta le pionós an Bhéarla) í Mí Dheireadh Fómhair, Mí Feabhra, Saoire na Cásca agus deireadh na bliana.*

Comórtais Ranga

- Bunófar clubleabhar i measc na ranganna sóisearaigh
- *Comórtas seanfhocail a reáchtáil go míosúil. (An chead Luain tar éis briseadh deireadh seachtaine)*
- Tabharfar aitheantas dá leithéid seo sna ranganna Gaeilge: póstaer as Gaeilge, píosa filíochta nua-chumtha, amhrán nua-chumtha, tionscnaimh éagsúla –ábhar faoin nGaeilge ar an idirlíon, irisleabhar/nuachtlitir a chur le chéile, stór focal/foclóir téarmaíochta a chur le chéile, páirtíocht i gcomórtais, bunú cómórtais rl.

Coiste na Gaeilge

- Beidh Coiste na Gaeilge ag feidhmiú sa Choláiste ina mbeidh ionadaí as gach rang. Buailfidh siad le chéile uair sa tseachtain leis an mBainisteoir/Príomhoide /Príomh Feitheoir chun a gcuid smaointe ar dhul chun cinn an pholasáí/straitéisí a mheas.

Ceannairí na Gaeilge

- Beidh Príomh Cheannaire na Gaeilge agus ceannaire na Gaeilge sa Choláiste roghnaithe as bliain a sé agus é de chúram ortha tacaíocht agus deá-shampla a thabhairt dos na daltaí eile. Bheadh sé intuigthe go mbeidís dílis do labhairt na

Gaeilge agus go dtabharfaidís deá shampla dá réir i gcónaí. Bronnfar suaitheantais orthu ag ócáid speisialta i dtosach na bliana ag tionól speisialta.

Gaeilgeoir na Míosa

- Roghnófar dalta ag deireadh gach mí atá dílis do labhairt na Gaeilge agus tabharfar duais di mar aitheantas as a dílseacht agus a cuid iarrachtaí ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh sa choláiste. Déanfar an bronnadh ag tionól na scoile. Beidh vóta ag gach dalta ach ní chuirfear san áireamh don mhí sin aon dalta go bhfuil a hainm sa leabhar Gaeilge. Ag deireadh na bliana tabharfar duais speisialta do dhuine dos na daltaí sin

Gaeilgeoir na Seachtaine

- *Roghnófar daltaí ó sheomra an bhídh, bíonn vóta ag na ceannairí boird agus bíonn an liosta le fáil ag pobal na scoile.*

Sprioc 4 Saibhriú a dhéanamh ar Ghaeilge labhartha agus scríobhtha na ndaltaí

Straitéisí

Nathanna Cainte (múinteoirí éagsúla & cúntóir teanga)

- *Nath na seachtaine sna ranganna Gaeilge*

Stair na Gaeilge

Duo Lingo a úsáid

Cuairt ó dhea-chainteoirí Gaeltachta

- Deis a thabhairt do dhaltaí an choláiste deá-chainteoirí Gaeilge a chlos anois agus arís

Cuairt ar institiúid Gaeltachta

- Cuairt a thabhairt ar institiúidí Gaeltachta - Raidió na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Ionad an Bhlascaoid, Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne rl. Chabhródh sé lena gcuid Gaeilge agus a gcuid eolais ar an nGaeltacht agus na heagraíochtaí Gaeltachta atá ag obair ar son na teanga.

Úsáid áiseanna TG4, RnaG, nuachtáin rl. Drámaíocht/ Litríocht/ Díospóireacht

Idirbheartaíocht/ Smachtbhannaí

Gach uair a chloisfear *abairt iomlán* ó dhaltaí as Béarla iarrfar orthu a n-ainm a shíniú sa leabhar cuí agus cuirfidh an múinteoir/ feitheoir a síniú leis.

Déanfar athbhreithniú ar na tuairiscí sa leabhar aimsir na Nollag agus ag deireadh na bliana. Is féidir pionós an Bhéarla a bhaint le trí mholadh an tréimhse sin.

Céim 1

I gcás go gcloiseann múinteoir/feitheoir daltaí ag labhairt as Béarla:

- *Caithfear ainm an dalta a scríobh i leabhar **Pionós an Bhéarla**, le síniú an mhúinteora nó síniú an fheitheora*
- *Bíonn moilliú acu idir 4:15-4:45i.n. Dé Máirt*
- Labharfaidh an múinteoir ranga/ príomh feitheoir leo tabharfar míniú ar riail agus ar pholasáí na Gaeilge.

Céim 2

Má chloistear arís iad:

- *Caithfear ainm an dalta a scríobh i leabhar **Pionós an Bhéarla***
- *Bíonn moilliú acu idir 4:15-4:45i.n. Dé Máirt*
- *Beidh teasc scríofa acu*
- Labharfaidh an Leas Phríomhoide/Leas Bhainisteoir leis an ndalta sin agus déanfaidh sí soiléiriú arís go tuisceanach don ndalta ar na cúiseanna atá leis an bpolasáí agus ar a thábhachtaí atá sé go gcloínn an dalta leis.

Céim 3

I gcás go gcloistear an dalta an tríú huair:

- *Caithfear ainm an dalta a scríobh i leabhar **Pionós an Bhéarla***
- *Bíonn orthu cabhrú le Coiste na Gaeilge*

- Ní mór dóibh bualadh leis an bPríomhoide/Bainisteoir chun an cás a phlé.
- Cuirfear glaoch agus litir go dtí na tuismitheoirí

Céim 4

I gcás go gcloistear an dalta ceathrú uair:

- *Caithfear ainm an dalta a scríobh i leabhar **Pionós an Bhéarla***
- *Bíonn orthu cabhrú le Coiste na Gaeilge*
- Tabharfar *tionscnamh* dóibh le scríobh ar ábhar a bhaineann leis an nGaeilge
- Iarrfar ar na tuismitheoirí teacht chun na scoile chun an cheist a phlé

Céim 5

Má leanann an dalta ag labhairt Béarla cuirfear tuairisc go dtí'na tuismitheoirí agus pléifear rogha malairt scoile. Cuirfear an Bord Bainistíochta agus Bord Stiúrthóirí ar an eolas

Critéir Rathúlachta

- Fás in úsáid na teanga sa rang, sa scoil agus ag gach aon eachtra scoile
- Fás i ndearfacht na ndaltaí i leith an teanga
- Fás i gcumas an ndaltaí chun tairbhe a bhaint as an gcuraclam trí Ghaeilge